Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2020
(OR. en)

13424/20

| | |
|---|---|
| FSTR 181 | RECH 475 |
| FC 89 | JAI 1031 |
| REGIO 273 | ENER 454 |
| PECHE 392 | MI 527 |
| CADREFIN 407 | MAR 154 |
| POLGEN 211 | COMPET 600 |
| ECOFIN 1103 | AGRI 445 |
| ENV 750 | SUSTDEV 172 |
| TRANS 549 | PROCED 31 |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13075/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme, mar a ghlac an Chomhairle iad an 2 Nollaig 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an tríú tuarascáil maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme a thíolaic an Coimisiún an 23 Meán Fómhair 2020[1] agus, ar an mbonn sin, déanann sí an méid seo a leanas:

a) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 i ndáil leis an dara tuarascáil ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2019 maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme[2], na conclúidí ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an mbreisluach atá ar straitéisí macrairéigiúnacha[3] agus na conclúidí a ghlac an Chomhairle roimhe sin maidir leis na ceithre straitéis mhacrairéigiúnacha (SMR) de chuid an Aontais[4], eadhon Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt[5], Straitéis an Aontais Eorpaigh do réigiún na Danóibe[6], Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach[7] agus Straitéis an Aontais do Réigiún na nAlp[8];

b) AITHNÍONN SÍ torthaí na tuarascála ón gCoimisiún agus an méid atá bainte amach ag na tíortha/réigiúin i gcur chun feidhme na SMRanna, le tacaíocht ón gCoimisiún, go háirithe an t-athbhreithniú ar Straitéisí an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt agus do Réigiún na Danóibe, an dul chun cinn dearfach a rinneadh i neadú thosaíochtaí SMR i gcláir chistiúcháin an Aontais 2021-2027, glacadh fhorógra Straitéis an Aontais do Réigiún na nAlp maidir le réigiún na nAlp a bheith inbhuanaithe agus athléimneach, eagrú na chéad seachtaine SMR sa Bhruiséil, agus Poblacht na Macadóine Thuaidh a bheith ag dul isteach i Straitéis an Aontais don Réigiún Aidriadach agus Iónach;

---

[1] 11364/20 + ADD 1.
[2] 9895/19.
[3] 14926/13 + ADD 1.
[4] 8461/17.
[5] 13744/09.
[6] 8388/11 + ADD 1 REV 1.
[7] 13503/14.
[8] 14613/15.

c) Chun go rannchuideoidh SMR go hiomlán le cur chun feidhme bheartais an Aontais, le téarnamh na hEorpa ó phaindéim COVID-19 agus le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais, AITHNÍONN SÍ nach mór an fuinneamh a úsáid ar ghníomhaíochtaí níos uaillmhianaí maidir le (2) cistiú, (3) rialú, (4) athléimneacht agus gnéithe téarnaimh iarphaindéime SMR agus (5) caidreamh comharsanachta agus lánpháirtiú an Aontais;

(2) CUIREANN SÍ I dTREIS a phráinne atá sé tosaíochtaí SMR a leabú a thuilleadh i gcláir chistiúcháin ábhartha an Aontais 2021-2027 agus, chun na críche sin:

a) ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, úsáid níos fearr a bhaint as na hinstitiúidí atá ann cheana agus an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr; bunaithe ar an bprionsabal nach mbeidh aon reachtaíocht nua de chuid an Aontais ann, nach mbeidh institiúidí nua ag an Aontas, agus nach mbeidh cistí nua ón Aontas ann;

b) IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leantacha atá ar siúl cláir chistiúcháin náisiúnta/réigiúnacha ábhartha an Aontais 2021-2027 faoi bhainistíocht chomhroinnte a ailíniú le tosaíochtaí agus cuspóirí ábhartha SMR; IARRANN SÍ ar phríomhfheidhmeoirí agus údaráis SMR atá freagrach as cláir chistiúcháin náisiúnta/réigiúnacha an Aontais 2021-2027 faoi bhainistíocht chomhroinnte leanúint de na hiarrachtaí sin ar bhonn na bPleananna Gníomhaíochta SMR faoi seach sula gcuirfear bailchríoch ar dhoiciméid chlársceidealúcháin;

c) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha uile, le tacaíocht ón gCoimisiún agus a luaithe is féidir, líonraí d'údaráis (bhainistíochta) na gclár cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais 2021-2027 (Cistí an Bheartais Comhtháthaithe, CETFT, CEMI, IPA, an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta) a bhunú; IARRANN SÍ ar na húdaráis (bhainistíochta) sin páirt ghníomhach a ghlacadh sna líonraí sin chun a áirithiú go ndéanfar cur chun feidhme comhordaithe ar thosaíochtaí Phlean Gníomhaíochta SMR agus ar na tionscadail arna gcur ar an ngearrliosta ag SMR, ar fud an mhacrairéigiúin, ina gcláir faoi seach;

d) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an próiseas neadaithe sin a éascú le linn na tréimhse clársceidealúcháin agus cistiúcháin uile;

e) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha measúnú comhpháirteach a dhéanamh, faoi 2022, ar thorthaí an phróisis neadaithe maidir le cláir chistiúcháin náisiúnta/réigiúnacha ábhartha an Aontais 2021-2027 agus na torthaí sin a léiriú sa chéad tuarascáil eile maidir le cur chun feidhme SMR;

f) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún neadú thosaíochtaí SMR sna cláir náisiúnta agus réigiúnacha de chuid IPA agus de chuid na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta atá á mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún sna tíortha/réigiúin rannpháirteacha nach Ballstáit/réigiúin den Aontas iad a chur chun cinn;

g) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha rannpháirtíocht tionscnóirí tionscadail i gcláir chistiúcháin ábhartha an Aontais atá á mbainistiú go díreach agus go hindíreach ag an gCoimisiún a chur chun cinn. Chun na críche sin:

   i. IARRANN SÍ ar phríomhfheidhmeoirí SMR ceardlanna a eagrú, faoi dheireadh na bliana 2021 agus le tacaíocht an Choimisiúin, do na tionscnóirí tionscadail chun rannpháirtíocht a spreagadh sna glaonna ar thionscadail laistigh de na cláir ábhartha atá á mbainistiú go díreach agus go hindíreach,

   ii. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún pointí teagmhála a ainmniú do na SMRanna sna seirbhísí de chuid an Choimisiúin atá freagrach as na cláir ábhartha atá á mbainistiú go díreach,

   iii. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta breise agus iad a chur chun feidhme chun an t-ailíniú a neartú idir cláir chistiúcháin an Aontais 2021-2027 atá á mbainistiú go díreach agus go hindíreach agus tosaíochtaí Phlean Gníomhaíochta SMR agus na tionscadail arna gcur ar an ngearrliosta; is ceart cuspóirí agus sláine na gclár sin a urramú agus aird ar leith a thabhairt ar na réimsí a liostaítear i roinn (4), agus breithniú ar na bearta sin a thabhairt sa chéad tuarascáil eile maidir le cur chun feidhme SMR;

(3) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá forbairt acmhainní, rialachas soiléir SMR atá dírithe ar thorthaí, agus, sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de ról ceannasach a ghlacadh i gcomhordú SMR agus IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) gnéithe rialachais a optamú de réir dea-chleachtas ar fud na SMRanna uile de réir mar is iomchuí do chomhthéacs geografach agus institiúideach gach macrairéigiúin agus tíortha/réigiúin rannpháirteacha;

b) rannpháirtíocht éifeachtach geallsealbhóirí náisiúnta/réigiúnacha/áitiúla, saoránach agus na sochaí sibhialta, lena n-áirítear daoine óga, a áirithiú i gcur chun feidhme SMR;

c) a áirithiú go ndéanfar príomhfheidhmeoirí SMRanna a chumhachtú agus go dtabharfar sainordú soiléir dóibh chun a dtascanna a chomhlíonadh ar bhealach leanúnach;

d) ord rothlaí seasta uachtaránachtaí ar SMR a bhunú agus leanúint de, chun intuarthacht agus úinéireacht a neartú;

e) leanúnachas i gcur chun feidhme SMR a neartú trí fhormáid trí uachtaránacht chomhleanúnacha (réamhtheachtaí, uachtaránacht reatha, comharba) a bhunú agus a leanúint le haghaidh gach SMR;

f) rialachas SMR a neartú trí bhíthin cruinnithe rialta aireachta, mar shampla i gcomhthéacs Fóraim Bhliantúil SMR, de réir mar is iomchuí;

g) comhordú, malartú taithí agus malartú dea-chleachtas a neartú idir SMRanna trí chomhar leantach idir foirne uachtaránachta SMR;

h) feidhmiú cobhsaí struchtúir tacaíochta rialachais agus comhordaithe SMR a áirithiú le linn thréimhse chlársceidealaithe iomlán 2021-2027, go háirithe tríd an gclár ábhartha Interreg maidir le comhar trasnáisiúnta lena gcumhdaítear an chríoch SMR faoi seach;

i) infheictheacht na dtorthaí atá bainte amach ag SMR a mhéadú trí chumarsáid straitéiseach;

(4) MEASANN SÍ gur dúshlán ríthábhachtach don chomhar sna macrairéigiúin í géarchéim COVID-19, ADMHAÍONN SÍ ról SMR i gcur chun feidhme críochach na hathléimneachta agus an téarnaimh iarphaindéime, agus, dá bhrí sin,

a) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha páirt a ghlacadh in athléimneacht agus i dtéarnamh na macrairéigiún trí dhlús a chur go sealadach le gníomhaíochtaí iomchuí bunaithe ar Phleananna Gníomhaíochtaí SMR faoi seach go dtí 2023;

b) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha dlús faoi leith a chur le gníomhaíochtaí ó na Pleananna Gníomhaíochta i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[9] ar fud na macrairéigiún;

c) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha dlús faoi leith a chur leis na gníomhaíochtaí ó na Pleananna Gníomhaíochta a bhaineann le digitiú i gcomhréir le Straitéis Dhigiteach an Aontais[10] ar fud na macrairéigiún;

d) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha leanúint dá ngníomhaíochtaí SMR a oiriúnú do chomhthéacs phaindéim COVID-19 de réir mar is iomchuí;

e) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha tosaíochtaí Chlár Oibre Críochach 2030 a chur san áireamh i gcur chun feidhme SMR;

(5) AITHNÍONN SÍ an méid a chuireann SMR le Beartais Eorpacha maidir le Méadú agus Comharsanacht agus leis an gcaidreamh trasteorann le tíortha/réigiúin rannpháirteacha nach Ballstáit/réigiúin den Aontas iad, agus ar an gcaoi sin – agus úinéireacht na dtíortha/réigiún rannpháirteacha uile ar SMR á meabhrú di – déanann sí an méid seo a leanas:

a) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha agus ar an gCoimisiún sineirgí idir na SMRanna ábhartha agus próiseas méadaithe an Aontais i réigiún na mBalcán Thiar a neartú;

b) AITHNÍONN SÍ an ról rannchuidithe atá ag SMRanna i scaipeadh bheartais agus luachanna an Aontais i dtíortha Chomhpháirtíochta an Oirthir agus i dtíortha comharsanachta an Aontais;

c) IS DÍOL SÁSAIMH DI rannpháirtíocht na hEilvéise i Straitéis an Aontais do Réigiún na nAlp, mar dhlúthchuid de mhacrairéigiún na nAlp agus mar rannchuidiú le caidreamh an Aontais le Cónaidhm na hEilvéise, agus sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar Chónaidhm na hEilvéise leanúint de bheith rannpháirteach i Straitéis an Aontais do Réigiún na nAlp ar gach leibhéal;

[9] 15051/19 + ADD 1.
[10] 6237/20.

d) IARRANN SÍ ar na tíortha/réigiúin rannpháirteacha fiosrú gníomhach a dhéanamh ar shineirgí, comhlántachtaí a spreagadh agus forluí le tionscnaimh réigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige ábhartha eile a sheachaint agus, i bhfianaise an mhéid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ardán a chur ar fáil don phlé sin, mar shampla ag an gcéad seachtain SMR eile in 2021;

(6) TÁ SÍ FÓS SÁSTA scrúdú a dhéanamh ar thionscnaimh ó na Ballstáit a bhfuil na dúshláin chéanna rompu i limistéar geografach sainithe, ar tionscnamh é a chomhaontaítear go coiteann agus atá dírithe ar straitéisí macrairéigiúnacha nua a chur ar bun[11];

(7) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a leagtar amach thuas sa chéad tuarascáil eile maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2022.

---

[11] Féach freisin 14926/13 + ADD 1 agus 9895/19.